



Samhain 2023: Mí na Marbh

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 ná *Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse*. Táimid ag súil le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 a cheiliúradh, agus tapóimid an deis i rith mhí na Samhna smaoineamh ar an mhuintir a d'imigh romhainn agus guí go dóchasach ar a son, ar mhaithe leis an aiséirí. Is í aidhm na hacmhainne seo ná tacaíocht a sholáthar do na scoileanna agus straitéis cheachta agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do Mhí na Marbh. Tugann Tráth na Samhna seans agus scóip dúinn cuimhneamh air, go gcaithfear dul trí léan an bháis le teacht ar ghlóir na beatha síoraí mar a gheall Dia dúinn.

'Glanfaidh sé gach deoir óna súile, agus ní bheidh an bás ann feasta ...'

(Apac 21:4)

Do na paróistí

Is féidir an tráth seo a shuiteáil i lár na dtéamaí liotúirgeacha do mhí na Samhna, agus don Aifreann/Liotúirge ar Lá na Marbh, agus smaoineamh ar an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne. Is fiú guí orthusan nach bhfuil duine ná deoraí le paidir a chur ar a son, chomh maith. Is féidir an tSeirbhís Urnaí (leath. 9) a chur ar siúl sa pharóiste le páistí nó le déagóirí.



Acmhainn

- Ábhar oiriúnach ó *Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann*
- Ceacht na Sóisear (Naíonáin Bheaga–Rang 2/P1–P4)
- Ceacht na Sinsear (Rang 3–Rang 6/P5–P7)
- Seirbhís Urnaí an Chuimhneacháin





Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann

LEIBHÉAL 1

Snáithe: An Creideamh Críostaí

Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona go síoraí ar neamh leis (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; *Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicí* [CCC], 1023).
- Ar bhás dúinn téimid abhaile chun Dé (CCC, 1020).

Snáithe: Liotúirge & Urnaí

Snáithaonad: Urnaí Bhreise

- Urnaí ar son na mairbh/ar son na n-easlán agus iad san ar tí báis.

LEIBHÉAL 2

Snáithe: An Creideamh Críostaí

Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Gheall Íosa beatha úr ar domhan dúinn agus tar éis bháis dúinn.
- Creidimid go gcuirfidh Dia glao ar neamh orainn ar uair ár mbáis (CCC, 1011).
- Is é plean Dé ar bhás dúinn go rachaimis ar neamh le maireachtáil in éineacht le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh (CCC, 1024).

Snáithe: Liotúirge & Urnaí

Snáithaonad: An Bhliain Liotúirgeach

- Ar Lá Fhéile na Marbh cuimhníonn an Eaglais ar an mhuintir a fuair bás, agus guitear ar a son.

LEIBHÉAL 3

Snáithe: An Creideamh Críostaí

Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona ar neamh go síoraí leis, trí Íosa ár Slánaitheoir (*Gaudium et Spes* [GS], 18; CCC, 1026).
- D'aiséirigh Críost ó na mairbh ina chorp féin agus chuaigh ar neamh ionas go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis in am agus i dtráth (CCC, 666-7).
- Arsa an Tiarna Íosa, 'An té a chreideann ionam, beidh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.' Creideann na Críostaithe go dóchasach go bhfuil beatha úr i ndán dóibh le hÍosa aiséirithe. Tugtar An Bheatha Shíoraí air (1 Cor 15:23-4).
- 'Díreach mar a d'aiséirigh Críost, agus maireann go síoraí, aiséireoidimid féin ar Lá an Luain (CCC, 1016; 1 Cor 15:54-7).
- Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad Críost ar lá an bháis, go mbeidh siad ina theannta (1 Cor 13:12).

LEIBHÉAL 4

Snáithe: An Creideamh Críostaí

Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí

- Leanfaidh an mhaith atá ar domhan, go síoraí ar neamh.
- Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaitheúlachta, seirbhíse, le tógáil na ríochta.
- Is é sonas na bhflaitheas ná maireachtáil go síoraí le Dia agus leis na naoimh ar bhealach grámhar tuisceanach (CCC, 1024, cf. 1026-7).
- Éagfaidh an corp, ach aiséireoidh arís (ar bhealach athnuaithe) ag deireadh ré (Aiséirí na Colainne; cf. *Lumen Gentium*, 48; CCC, 988-90, 1020).
- De bharr ghrásta agus trócaire Dé, táimid dóchasach mar Chríostaithe go bhfuil an mhuintir a ghráigh Dia in éineacht leis ar neamh (GS, 18).
- Guíonn an Eaglais go slánófar cách (CCC, 1058).
- Guíonn na Caitlicigh ar son na n-anamacha i bpurgadóir ar Lá na Marbh agus ar feadh na bliana.
- Cuireann an Eaglais na mairbh faoi choimirce thrócaire Dé agus guíonn an Eocairist agus paidreacha eile ar a son.



Ceacht na Sóisear

Naíonáin Bheaga–Rang 2 (P1–P4)

Nótaí don oide

Díríonn Tráth na Samhna orainne mar lucht leanta Íosa, agus ar an mbealach ina gcumhnímid ar an mhuintir a rinne freastal ar Dhia sa saol seo, agus atá in éineacht le Dia ar neamh. Déanaimid iad a cheiliúradh. Guímid ar son na mairbh agus chuig na naoimh ar neamh.

Tá muinín againn as an ngealltanas a thug Íosa dúinn go gcuireann sé fáilte ar neamh rompu siúd atá ar shlí na fírinne. Bíonn nasc againn leis na daoine sin trí Chomaoín na Naomh nuair a ghuímid chucu agus ar a son, agus nuair a bhíonn an Eocairist á ceiliúradh againn. Baineann gach duine a fuair bás agus atá i bhfochair Dé le Comaoín na Naomh.

Lá Fhéile na Naomh Uile

Na daoine a ndearnadh canónú orthu, is iadsan naoimh na hEaglaise. Gnáthdhaoine a bhí iontu, a chónaigh díreach mar a chónaímid, agus iad ag iarraidh saol fiúntach a chaitheamh. Is eiseamláir an dóchais dúinne iad na naoimh, toisc go ndearnadar an rud ceart i gcónaí.

Pléigh

Pléigh bunús agus traidisiúin Oíche Shamhna maidir leis an mbealach ina mbíonn baint acu le Lá Fhéile na Naomh Uile, agus le Lá na Marbh. Bunaigh cuid den phlé ar na ceisteanna thíos, agus ar an gceacht a bhaineann le séasúr na Samhna sa leabhar *InGrá Dé*.

1. Pléigh bunús Oíche Shamhna (tráthnóna roimh Lá Fhéile na Naomh Uile)



- Bíonn sé mar chlabhsúr ar shéasúr an fháis sa nádúr, agus mar chríoch dóibh san a bhfuair bás.
- Déanaimid fás úr na mbarr a thosóidh sa gheimhreadh a cheiliúradh, agus an saol síoraí in éineacht le Dia atá roimh an mhuintir a fuair bás chomh maith.

2. Cad is naomh ann?
3. Conas mar a chuimhnítear ar an mhuintir mhuirneach a fuair bás?





Pléigh

Déanaimid Lá Fhéile na Naomh Uile a cheiliúradh ar an 1 Samhain, agus tugaimid chun cuimhne na daoine a chaith an saol go maith agus iad ar domhan. Gnáthdhaoine a rinne an ceart a bhí iontu, labhair siad an fhírinne agus shíneadar an lámh chúnta chuig na daoine uireasacha. Thuigeadar go maith go mbíonn Dia inár measc i gcónaí. Tá aithne againne ar fad ar dhaoine a chónaíonn in aice linn agus a chaitheann saol cráifeach. Is féidir linn ár nguí a chur ar aghaidh chuig na naoimh agus cabhair a lorg leis an mbeatha a chaitheamh go fiúntach.

Ar an 2 Samhain déanaimid Lá na Marbh a cheiliúradh. Cuimhnímid ar na daoine a fuair bás, an mhuintir mhuirneach ach go háirithe, agus atá in éineacht le Dia ar neamh. Cé nach bhfuil siad ar an saol a thuilleadh, bímid ceangailte leo tríd an urnaí, bíonn siad inár gcroí, cuimhnímid orthu. Guímid ar a son trínár gcuid paidreacha, agus trí bheith ag freastal ar an Aifreann.


Gníomhaíocht: Crann urnaí an chuimhneacháin

Cuimhnímid ar an mhuintir mhuirneach atá in éineacht le Dia ar neamh. Gabhaimid buíochas le Dia as an uile dhuine acu, agus iarraimid ar Dhia barróg ghrámhar ar neamh a bhreith orthu. Scríobh ainm nó tarraing pictiúr de dhuine den mhuintir mhuirneach a fuair bás ar an duilleog atá ar fáil ar an mbileog oibre, agus cuir leis an gcrann cuimhneacháin é, nó cuir ar taispeáint i spás beannaithe an ranga/na scoile é. Cuir paidir chomh maith ar son na ndaoine nach mbíonn duine ar bith ag smaoineamh orthu ná ag guí ar a son.





Tráth na Samhna
Bileog Oibre do na Sóisir





Ceacht na Sinsear

Rang 3–Rang 6 (P5–P7)

Nótaí don oide

Mí ar leith i bhféilire na hEaglaise í Mí na Samhna, nuair a iarrtar orainn cuimhneamh ar na mairbh, agus guí ar a son. Cuimhnímid ar na daoine naofa a raibh aithne againn orthu, agus atá ar shlí na fírinne. Thuigeadar go maith go sáraíonn grá Dé an bás, agus gur gheall sé dúinn go bhfuil an t-aiséirí i ndán dúinn. Iarrtar orainn chomh maith, guí ar son na mairbh ar fad, agus orthusan nach bhfuil duine ar bith eile ann a smaoiníodh orthu. Tugtar cuireadh dúinn sa scoil Chaitliceach dul i leataobh ón saol ar feadh tamaill agus machnamh a dhéanamh agus muid ag smaoiníamh ar an mhuintir mhuirneach atá i bhfochair Dé ar neamh.

Is naoimh iad na daoine a mhaireann de réir thola Íosa. Déanann siad iarracht an bheatha feabhsaithe a sholáthar do chách. Léiríonn siad grá Dé sa bhealach a labhraíonn siad, a smaoiníonn siad, a ngníomhaíonn siad. Bíonn siad mar eiseamláirí maidir leis an saol a chaitheamh ar nós Íosa. Aithnímid naoimh mar Naomh Pádraig agus Naomh Bríd, ach bíonn daoine naofa thart timpeall orainn i gcónaí. Tugann siad léargas ar ríocht Dé dúinn, áit ina mbíonn fáilte roimh chách, agus nach bhfágтар duine ar bith ar an imeall riamh ann.

(Nóta: Ba cheart a bheith discréideach maidir leis an ábhar seo a chur os comhair na ndaltaí. D'fhéadfadh go gcuirfí as do pháistí áirithe, iadsan a chaill ball teaghlaiigh le déanaí, mar shampla.)

Cuireann an seinnliosta seo YouTube beochana ar fáil a léiríonn saol na naomh Caitliceach agus a gcuid scéalta beatha:

www.youtube.com/playlist?list=PLlcJ9ErzdpkfVKCiVi584kJbXlqjLkT8A



Smaoinigh

Bain úsáid as na ceisteanna thíos le plé a dhéanamh faoi shaintréithe mhí na Samhna, mí an chuimhneacháin:

1. Cad is naomh ann?
2. An bhfuil naomh ar bith ar aithne agat? (Naomh Pádraig/Naomh Bríd)
3. An bhfuil naoimh le sonrú ar domhan faoi láthair? (Luaigh an tAthair Peter McVerry SJ/an Br. Kevin Crowley).



Pléigh

Mínigh an fáth go ndéanaimid Lá Fhéile na Naomh Uile a cheiliúradh.

Tugtar Lá Fhéile na Naomh Uile ar an gcead lá de mhí na Samhna. Lá ar leith i saol na hEaglaise é. Is ar an lá sin a ndéanann an Eaglais urnaí ar son na ndaoine a chaith an bheatha ar nós Íosa, agus atá anois ar neamh leis. Téimid ar Aifreann ar an lá sin agus cuimhnímid ar an mhuintir a mhair agus a fuair bás i ngrá Dé.

Tugaimid naoimh faoi deara inár saol féin, na daoine a léiríonn grá Dé i leith an duine eile, a bhíonn caoin cabhrach i gcónaí. Is cairde linn féin cuid de na daoine seo, gaolta, comharsana, baill teaghlaigh. Mhair cuid de na daoine seo ar bhealach chomh cráifeach sin, gur roinn siad grá agus trócaire Íosa le cách, ionas go mbíonn an Eaglais cinnte de, iad a bheith ar neamh, agus tugann sí naoimh go hoifigiúil orthu dá bharr. An bhfuil ainm naoimh ar bith ar eolas agatsa? Cad iad na buanna a bhíonn ag an naomh, i do thuairim féin?

Cabhraigh leis na daltaí a thuiscint gur féidir le duine ar bith a bheith ina naomh. Is naoimh iad na daoine a ghránn Íosa agus a roinneann a chuid grá le gach duine eile. Iarr ar na páistí na bealaí ina bhféadfaí maireachtáil ar nós Íosa sa bhaile, ar scoil, sa chomharsanacht, i measc an phobail a lua. Nuair a thugtar samplaí, abair: 'Iarrann Dia ar gach duine againn saol cráifeach a chaitheamh. Déanaimid a leithéid ar na bealaí a luaigh sibhse ó chianaibh. Is é sin an méid a lorgaíonn Dia uainne.'

Tá gach uile sheans ann go ndéanfar Carlo Acutis a chanónú go luath. Fuair sé bás sa bhliain 2006, agus é cúig bliana déag d'aois. Bhí creideamh láidir i nDia ann, agus bhí dúil mhór sa Chomaoineach Naofa ann chomh maith. Is eiseamláir den saol cráifeach é, cé nach raibh sé mórán níos sine ná na páistí i rang 6.

Gníomhaíocht

Scríobh an méid atá ar eolas faoi Carlo againn ar chairt KWL, agus na ceisteanna a bheadh againn faoin saol a chaith sé. Breathnaigh ar an bhfíseán faoi ag <https://bekids.mt/blessed-carlo-acutis/>. Déan ransú smaointe agus pléigh an méid a d'fhéadfaí a fhoghlaim ó shaol Carlo.

Gníomhaíocht bhreise

I rith mhí na Samhna cuimhnímid ar an mhuintir a d'imigh romhainn. Bímid go mór ina ndiaidh, ach mairfidh siad i gcónaí inár gcroí. Cuimhnímid ar na laethanta geala a chaitheamar leo, agus ar an mbealach inar roinneadar a gcuid grá linn. Ionas gur féidir linn iad a thabhairt chun cuimhne i gceart anois, agus guí ar a son agus iad ar neamh, scríobhfaimid na hainmneacha nó déanfaimid pictiúir díobh ar an mbileog oibre atá ann do na sinsir. Is féidir ball teaghlaigh, nó cara, nó comharsa, nó peata fiú, a lua. Cuimhnímid chomh maith orthusan nach mbeadh duine ar bith eile ar an saol a smaoiníodh orthu, nó a chuirfeadh paidir ar a son.

Déan bosca cairtchláir (m.sh. bosca ciarsúr) a mhaisiú agus cuir cártaí le hainmneacha na mairbh ann. Abair leis na daltaí gur seo bosca urnaí na Samhna, agus go gcaithfear cúpla nóiméad gach lá ag smaoiníodh agus ag guí ar son na muintire muirní atá ar shlí na fírinne. Is é seo an tráth den bhliain ina ndéanaimid iad a cheiliúradh agus guí ar a son.


Téigh ar Aifreann leis na daltaí ar lá scoile i rith mhí na Samhna má bhíonn an deis ann. Iarr cead ón sagart an bosca urnaí a chur ag bun na haltóra i rith an Aifrinn.





Tráth na Samhna

Bileog Oibre do na Sinsir





Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí a réachtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó sa seomra urnaí. Tóg spás beannaithe i lár nó os comhair an phobail, leis na rudaí seo ann:

- Bíobla
- Scaraoid chorcra i gcuimhne ar na mairbh
- Coinneal
- Uisce coisricthe
- Cros Chéasta
- Líníocht mar chuimhneacháin, nó crann/bosca cuimhneacháin.

Iomann tosaigh

‘Siúlaimis i Solas Dé’ nó ‘Ceangailte le Grá’ nó iomann oiriúnach ar bith eile ó *I nGrá Dé*

Paidir thosaigh

Ceannaire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

Cách: Amen.

Ceannaire: Lasaimid coinneal sa spás beannaithe mar chomhartha go bhfuil Dia inár gcroí agus inár measc nuair a chruinnímid lena chéile leis na mairbh a cheiliúradh.

Ceannaire: Cruinnímid lena chéile anseo mar chairde Chríost agus mar lucht leanta Dé. Tugaimid na daoine a fuair bás chun cuimhne agus guímid go bhfuil siad slán ar neamh i bhfochair Dé. Déanaimid ár n-urnaí trí Chríost ár dTiarna.

Cách: Amen.

Léacht

Léitheoir 1: Sliocht as chéadlitir Naomh Pól chuig na Corantaigh (1 Cor 13:12).

Faoi láthair ní fheicimid ach mar a bheadh scáil go doiléir i scáthán ach ar ball gheobhaimid radharc aghaidh ar aghaidh air. Níl ach breaceolas agam faoi láthair ach beidh eolas iomlán agam ar ball, chomh hiomlán leis an eolas atá orm.

Sin é Briathar Dé.

Cách: Buíochas le Dia

Machnamh

1. Ní bhíonn tuiscint cheart againn sa saol seo ar Dhia a bheith mar bharr na háille.
2. Gheall Dia dúinn go mbeimid in éineacht ar neamh leis, go síoraí.
3. Creidimid go mbíonn leaba i measc na naomh ullamh do chách a fhaigheann bás, agus go gcuirtear fáilte rompu, saol grámhar síoraí a chaitheamh ar dheasláimh Dé.





Cuimhnímid ar an mhuintir a fuair bás

Ceannaire: Déanaimid ár nguí ar son na ndaoine a fuair bás, na baill teaghlaigh, na cairde, na comharsana, na daoine atá luaite ar an gcrann cuimhneacháin, agus ar son na ndaoine nach gcuirfeadh duine ar bith eile paidir chun Dé ar a son. Is é an freagra do gach aon urnaí ná: ‘Cuimhnímid orthu.’

Léitheoir 2: Nuair a bhreathnaímid ar éirí nó ar luí na gréine. (*Freagra*)

Léitheoir 3: Nuair a chloisimid glór na gaoithe. (*Freagra*)

Léitheoir 4: Nuair a thugaimid áilleacht an domhain thart timpeall orainn faoi deara. (*Freagra*)

Léitheoir 5: Nuair a bhreathnaímid in airde spéire agus teas na gréine a bhrath. (*Freagra*)

Léitheoir 6: Ag tosach agus ag deireadh na bliana. (*Freagra*)

Léitheoir 7: Tá na daoine a fuair bás inár gcomhluadar agus muid ag cuimhneamh orthu. (*Freagra*)

Ceannaire: Tugaimid ár bpaidreacha agus ár gcuimhní os comhair Dé, an tAthair Grámhar, nuair a deirimid: Ár nAthair ...

Urnaí dheiridh

Ceannaire: Adhramid tú agus gabhaimid buíochas leat a Dhia as an tíolacadh ó neamh a chuir tú chugainn i bhfoirm na ndaoine a chónaigh inár measc. Tá muinín againn as grá Dé dúinn, agus leanaimid rian na naomh a d’imigh romhainn agus a chaith saol fiúntach grámhar ar domhan. Deonaigh go bhfuil gach duine a fuair bás ag caitheamh saol sona go síoraí leatsa ar neamh. Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna.

Cách: Amen.

Ceannaire: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Iomann deiridh

‘A Spioraid Naoimh a Chara Dhílis’ nó ‘Ceangailte le Grá’ (nó iomann oiriúnach eile as *I nGrá Dé*)

